

**Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000015/2019
ar an gCoimisiún**

Rule 128

Claude Moraes

thar ceann An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Ábhar: Staid an smachta reachta agus an comhrac i gcoinne na caimiléireachta in AE, go háirithe i Málta agus sa tSlóvaic.

Is oibleagáidí ar an Aontas agus ar a Bhallstáit iad urraim don smacht reachta, don daonlathas, do chearta an duine agus do na saoirsí bunúsacha, agus do na luachanna agus prionsabail atá cuimsithe i gConarthaí AE agus in ionstraimí idirnáisiúnta chearta an duine. Chuir na dúnmharuithe iriseoirí iniúchta le déanaí alltacht ar thuairimí an phobail agus bhí éifeacht mhór dhiúltach acu i measc iriseoirí in AE. Sa chomhthéacs sin, laistigh de raon feidhme an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, cuireadh Grúpa Faireacháin maidir le Smacht Reachta (ROLMG) ar bun i mí an Mheithimh 2018 leis an sainordú ginearálta faireachán a dhéanamh ar staid an smachta reachta agus an comhrac i gcoinne na caimiléireachta in AE, agus chun aghaidh a thabhairt ar staideanna ar leith, go háirithe i Málta agus sa tSlóvaic. Le linn a ghníomhaíochta, d'aithin ROLMG roinnt easnamh tras-earnálach lena bhféadfaí an smacht reachta, scaradh na gcumhachtaí agus neamhspleáchas na mbreithiúna a lagú i roinnt Ballstát.

Sa chomhthéacs sin, ba mhaith leis an bParlaimint a iarraidh ar an gComhairle cad iad na bearta a bhféadfadh sí cuimhneamh orthu, agus cén t-achar ama a ghlacfaidh sé sin uirthi, maidir leis an mhéid seo a leanas:

- faireachán a dhéanamh ar an staid sa Bhallstáit maidir le sárúithe ar dhaonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha, go háirithe maidir le scaradh na gcumhachtaí, neamhspleáchas na mbreithiúna, an comhrac i gcoinne na caimiléireachta, sábháilteacht na n-iriseoirí agus sairse na meán, agus tionchar ‘víosaí órga’/‘scéimeanna cláir infheisteora’ ar shaoránacht AE a fháil;
- gníomhaireachtaí AE a chur ar a gcumas páirt a ghlacadh ar bhealach níos réamhghníomhaí in imscrúduithe i mBallstáit, amhail tríd an gcumas a bheith acu bunú Foirne Comhpháirteacha Imscrúduithe a thionscnamh go réamhghníomhach;
- togra a chur ar aghaidh le haghaidh sásra cuimsitheach AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha agus, in am trátha, rúin na Parlaiminte an 25 Deireadh Fómhair 2016¹ agus an 14 Samhain 2018² a chur san áireamh?

Curtha síos: 11.2.2019

Curtha ar aghaidh: 13.2.2019

Spriocam le haghaidh freagra: 20.2.2019

¹ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2016 maille le moltaí don Choimisiún maidir le sásra AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú. IO C 215, 19.6.2018, lch. 162.

² Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Samhain 2018 maille leis an ngá atá le sásra cuimsitheach AE um chosaint an daonlathais, an smachta reachta agus na gceart bunúsach, Téacsanna a glacadh, P8_TA(2018)0456.